# Cód Iompair

## 1. Forbairt an Chóid

Tá Cód Iompair Ghaeilscoil Uí Fhiaich ag forbairt le cúpla bliain anuas. Tá sé seo faoi réir ag riachtanais TUSLA [An ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach] agus leanann sé na treoirlínte atá le fáil sa bhfoilsiúchán *"Ag Forbairt Cód Iompair: Treoirlínte do Scoileanna" (2008).* Mar chuid den bpróiseas dréachta, pléadh an cheist leis an fhoireann, sna ranganna, idir an príomhoide agus ionadaithe na ndaltaí agus ionadaithe na dtuismitheoirí, chomh maith le plé ag cruinnithe an Bhord Bainistíochta.

## 2. Ár bhFís i leith Caidreamh agus Iompar sa Scoil

- Sa Ráiteas Misean ag Gaelscoil Uí Fhiaich táimid tiomanta an seans is fearr gur féidir a thabhairt do dhaltaí leas iomlán a bhaint as oideachas leathan, atá oiriúnach do chumas gach páiste, agus faoi réir ag éiteas Caitliceach na scoile. Tá sé mar aidhm ag an gCód Iompair creat a chur ar fáil a chothóidh iompar dearfach tairbheach chun go n-éireoidh leis an misean seo.
- Déanaimid iarracht timpeallacht oibre a chruthú a bheidh sábháilte agus ina mbeidh cothrom na Féinne, obair foirne, freagracht phearsanta agus an seans cur leis an scoil, fás agus foghlaim. Is comhpháirtithe iad múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí in oideachas na bpáistí. Tá comhoibriú agus cumarsáid idir an baile agus an scoil fíor-thábhachtach i bpróiseas an oideachais. Tá an aidhm chéanna againn, leas na bpáistí atá faoinár gcúram.
- Tá ról ag pobal iomlán na scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, príomhoide, foireann teagaisc, cúntóirí riachtanas speisialta, rúnaí, airíoch, foireann chúntach agus feitheoirí lóin, timpeallacht mheasúil shábháilte a chruthú. Teastaíonn uainn go léir go mbeadh meas orainn, go mbéimis sábháilte, cothrom na Féinne a fháil, go n-éistear linn agus a bheith páirteach.
- Beidh meas againne, mar phobal scoile, ar dhaltaí ó chúlraí, tíortha agus cultúir éagsúla.
- Cé gur scoil í Gaelscoil Uí Fhiaich a bhfuil éiteas Caitliceach aici, cuirimid fáilte roimh dhaltaí ó shainchreidimh éagsúla agus is mór againn iad.
- Glacaimid leis go n-iompróidh daltaí iad féin chomh maith agus is féidir leo.

## 3. An méid ar féidir le Daltaí, an Fhoireann agus Tuismitheoirí/ Caomhnóirí a bheith ag súil leis.

### 3.1 Daltaí

**Is féidir le daltaí a bheith ag súil:**

- Go gcaithfear go cothrom agus le meas leo i gcónaí;
- Go mothóidh siad sábháilte agus go bhfuil meas orthu;
- Go dtabharfar aitheantas d'iompar dearfach;
- Go bpléifear le mí-iompar ar bhealach cuí;
- Go n-aithneofar agus go dtabharfar aitheantas don éagsúlacht a bhaineann leo, nuair is féidir é.

**Ó dhaltaí táimid ag súil:**

- Go mbeidh siad ar scoil gach lá;
- Go mbeidh siad poncúil;
- Go mbeidh éide scoile néata orthu;
- Go n-oibreoidh siad chomh ciúin agus chomh sábháilte agus is féidir leo i gcónaí;
- Go léireoidh siad meas ar cheart an dalta eile chun foghlama;
- Go léireoidh siad meas ar bhaill uile phobal na scoile;
- Go léireoidh siad meas ar shealúchas na scoile, ar shealúchas daoine eile agus ar a sealúchas féin;
- Go gcoimeádfaidh siad timpeallacht na scoile glan agus néata;
- Go mbeidh na leabhair agus na hábhair chearta acu ar scoil;
- Go leanfaidh siad rialacha an ranga;
- Go mbogfaidh siad go ciúin agus go cúramach timpeall na scoile;
- Go seasfaidh siad in ord sa líne roimh am sosa agus ina dhiaidh;
- Go bhfanfaidh siad ar thalamh na scoile agus laistigh d'áiteanna ainmnithe i rith am scoile;
- Go ndéanfaidh siad a gcuid obair bhaile chomh maith agus is féidir leo.

## 3.2 Foireann na Scoile

**Is féidir le foireann na scoile a bheith ag súil:**

- Go léireofar meas orthu;
- Teagasc a dhéanamh i dtimpeallacht atá coinnithe go maith agus atá saor ó chur isteach;
- Tacaíocht agus comhoibriú a fháil ó chomhghleacaithe agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí chun aidhmeanna agus cuspóirí na scoile a bhaint amach;
- Go n-éistfear leo agus go mbeidh siad páirteach i ndéanamh cinntí a bhfuil tionchar acu ar a gcuid oibre agus obair na scoile go ginearálta;
- Obair a dhéanamh i dtimpeallacht a chothaíonn forbairt ghairmiúil;
- Tacaíocht agus comhairle ghairmiúil a fháil ón mBord Bainistíochta, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ón tSerbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus ó fhorais ábhartha eile chun déileáil le riachtanais shiceolaíocha, mhothúchánacha agus fhisiciúla a gcuid daltaí;
- Go bpléifear le gearáin de réir nósanna imeachta aontaithe, mar atá leagtha amach i lámhleabhar CPSMA (féach aguisín 1).

**Ón bhfoireann táimid ag súil:**

- Go mbeidh siad eolach ar Chód Iompair na Scoile, go dtacóidh siad leis agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm é;
- Go mbeidh siad eolach ar an ndualgas cúraim atá orthu;
- Go gcothóidh siad atmasféar sábháilte fáilteach dá ndaltaí;
- Go ndéanfaidh siad forbairt air agus go gcothóidh siad féin-mheas i ngach dalta;

- Go molfaidh siad iompar inmhianaithe;
- Go gcabhróidh siad le daltaí barr a gcumas acadúil a bhaint amach;
- Go n-aithneoidh siad agus go gceadóidh siad difríochtaí sa mhéid is gur féidir é, go réasúnta;
- Go mbeidh siad béasach, seasmhach agus cothrom le páistí agus le comhghleacaithe;
- Go mbeidh siad ar a n-aird gan cur isteach ar ranganna eile;
- Go gcoimeádfaidh siad taifead ar mhí-iompar tromchúiseach, nó mí-iompar leanúnach;
- Go dtabharfaidh siad tacaíocht do chomhghleacaithe;
- Go gcuirfidh siad an bhainistíocht ar an eolas nuair a fhágann siad talamh na scoile i rith an lá scoile.

## 3.3 Tuismitheoirí

**Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith ag súil:**

- Go léireofar meas orthu;
- Go mbeidh timpeallacht sábháilte agus fáilteach ann dá bpáistí;
- Go dtabharfar aitheantas do dhifríochtaí idir dhaltaí, faoi réir ag na hacmhainní atá ar fáil;
- Go mbeidh nósanna imeachta cothroma agus seasmhacha i bhfeidhm sa chaoi a phléann an scoil le daltaí;
- Go bhfaighidh siad tuairiscí de réir pholasaí aontaithe na scoile (cruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, scrúdaithe cáighdeánacha, agus tuairiscí dheireadh na bliana);
- Go dtabharfar eolas dóibh ar pholasaithe agus nósanna imeachta na scoile.

**Ó thuismitheoirí/chaomhnóirí táimid ag súil:**

- Go ndéanfaidh siad cinnte go mbeidh a bpáistí ar scoil gach lá;
- Go ndéanfaidh siad cinnte go dtugtar a bpáistí chun na scoile agus go mbailítear in am iad;
- Go dtreoraíonn siad a bpáistí chun cloí le Cód Iompair na Scoile;
- Go ndéanfaidh siad cinnte go gcaitheann a bpáistí an éide scoile;
- Go ndéanfaidh siad cinnte go bhfuil na leabhair agus na hábhair chearta ag a bpaistí;
- Go gcuirfidh siad ainm a bpáistí ar a gcuid giúirléidí;
- Go léifidh siad cumarsáid ón scoil agus go gcuirfidh siad freagra nuair is cuí;
- Go mbualfaidh siad isteach in oifig na scoile ar dtús más gá dóibh a bheith sa scoil ar aon chúis i rith an lae;
- Go ndéanfaidh siad coinne roimh ré más gá dóibh labhairt le múinteoir;
- Go léireoidh siad meas ar phobal uile na scoile;
- Go gcuirfidh siad cúiseanna neamhláithreachta in iúl don scoil, ar an nguthán chuig an oifig, nó trí nóta nó ríomhphost a chur chuig an múinteoir ranga (féach roinn 9);
- Go gcuirfidh siad athruithe maidir le bailiú a bpáistí in iúl don mhúinteoir ranga;
- Go gcabhróidh siad lena bpáistí dea-iompar a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus dearcadh dearfach a bheith acu ina leith féin, i leith daoine eile agus i leith na scoile;
- Go ndéanfaidh siad comhoibriú le múinteoirí nuair a bhíonn iompar a bpáistí ag cur isteach ar dhaoine eile;
- Go gcuirfidh siad an scoil ar an eolas má tá fadhbanna ann atá ag cur isteach ar iompar a bpáistí;
- Go dtiocfaidh siad chuig cruinnithe sa scoil má iarrtar orthu é sin a dhéanamh;

- Go gcabhróidh siad lena bpáistí a gcuid obair bhaile a dhéanamh, agus go gcinnteoidh siad go bhfuil sé déanta.

## 4. Rialacha na Scoile

Chun timpeallacht sona, sláintiúil agus sábháilte a bheith ann, ina gcothaítear meas idir daoine, glactar leis go gcloífidh gach dalta leis na rialacha seo a leanas:

### 4.1 Meas agus Cúirtéis

Táimid ag súil go gcaithfidh gach dalta leis an fhoireann agus le daltaí eile le meas agus le cúirtéis. Ní ghlacfar le hiompar míchuí i.e. imirt gharbh, drochtheanga, tagairtí pearsanta, brú, ciceáil, bualadh, caitheadh seile agus troid fisiciúil.
Caithfear meas a thaispeáint i gcónaí do shealúchas na scoile agus do shealúchas daoine eile.

### 4.2 Úsáid na Gaeilge

Caithfidh na páistí úsáid a bhaint as an nGaeilge i gcónaí, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, agus nuair a bhíonn éide scoile á chaitheamh acu i.e. i gclós na scoile, ag teacht agus ag imeacht ón scoil, ar thurais scoile agus le linn imeachtaí scoile eile. Glacfar leis mar "iompar míchuí" nuair nach labhrann dalta Gaeilge, agus beidh píonós ann d'iompar leanúnach den tsórt sin. (Tagairt: **Polasaí Gaeilge Labhartha/ Policy on Oral Irish; agus Ranna 6.1 agus 6.2 den Chód Iompair).**

### 4.3 Gnás Feistis

Caithfidh daltaí an éide scoile **iomlán** a chaitheamh gach lá ach amháin ar lá ainmnithe corpoideachais.

### 4.4 Lón Sláintiúil (Tagairt: **Polasaí Lón Sláintiúil/ Healthy Eating Policy**)

Cabhraíonn lón sláintiúil le páistí obair níos éifeachtaí a dhéanamh – tagairt: **Polasaí Lón Sláintiúil.**

- **Ní cheadaítear** criospaí, deochanna súilíneacha agus guma coganta.
- D'fhéadfaí cosc a chur le cnóite (má tá páiste sa rang a bhfuil ailléirge cnóite aige/aici).
- Caithfear bia a ithe sa seomra ranga.

### 4.5 Obair Bhaile (Tagairt: **Polasaí Obair Bhaile/ Homework Policy)**

- Glactar leis go ndéanfar an obair bhaile go cúramach.
- Glactar leis go síneoidh tuismitheoirí/caomhnóirí an obair bhaile go laethúil.
- Caithfidh tuismitheoir/caomhnóir míniú a thabhairt, i scríbhinn, ar obair bhaile nach bhfuil críochnaithe.

## 4.6 Tinreamh

- Glactar leis go mbeidh gach páiste sa scoil ag 9.00 r.n. nuair a bhuaileann an clog.
- Caithfear páistí a bhailiú go pras ag am baile (1.40/2.40).
- Glactar leis go mbeidh páistí i láthair gach lá.
- Caithfear an scoil a chur ar an eolas maidir le neamhláithreacht. Is féidir é seo a dhéanamh ar an nguthán, le ríomhphost nó i nóta scríofa sa dialann.
- Má tá sé i gceist go bhfágfaidh páiste an scoil go luath caithfear fógra faoi seo a thabhairt ar an nguthán, i ríomhphost nó i nóta scríofa sa dialann.
- Má tá páiste á b(h)ailiú ón scoil caithfidh tuismitheoir/caomhnóir dul chuig an oifig agus cuirfear an múinteoir ranga ar an eolas ansin. Iarraimid ar thuismitheoirí /caomhnóirí gan páistí a bhailiú i rith amanna sosa 10.45-11.00/12.30-1.00 nuair a bhíonn na ranganna amuigh sa chlós.
- Má tá páiste ag fágáil na scoile go luath caithfidh tuismitheoir/caomhnóir an leabhar lasmuigh den oifig a shíniú.

## 4.7 Gluaiseacht ar fud na scoile agus ar thalamh na scoile

***Daltaí***

- Caithfidh daltaí a bheith múinte, dea-bhéasach ag teacht isteach agus ag imeacht amach as an scoil.
- Iarrtar ar dhaltaí an ráille láimhe a úsáid ar na staighre.
- Iarrtar ar dhaltaí seasamh siar agus ligint do dhaoine fasta dul tharstu.
- Tá cosc iomlán ar rith sa seomra ranga agus ar na dorchlaí.
- Ní cheadaítear troscán a bhogadh ó urlár go hurlár. Sa chás gur gá é seo a dhéanamh bainfear úsáid as an ardaitheoir.
- Níor chóir troscán a bhogadh ó rang go rang ach amháin faoi fheitheoireacht mhúinteora.
- Iarrtar ar dhaltaí a rothaíonn ar scoil tuirlingt den rothar ag geata na scoile.

***Tuismitheoirí***

- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí talamh na scoile a fhágáil nuair a bhailíonn siad a bpáistí, go háirithe ag 1.40 mar go mbíonn imeachtaí scoile ar siúl do dhaltaí níos sine.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a rothaíonn chun na scoile tuirlingt den rothar ag geata na scoile.

## 4.8 Amanna Sosa

- Caithear treoracha an fheitheora sa ranga/ sa dorchla/sa chlós a leanúint i gcónaí.
- Níl cead dul ar ais isteach sa scoil i rith am sosa gan cead ón mhúinteoir/ ón gCúntóir Riachtanas Speisialta, agus gan "pionna ceada".
- Nuair a bhuaileann an clog, agus nuair a thugann an múinteoir le fios go bhfuil deireadh leis an sos, caithfidh daltaí seasamh go ciúin, agus in ord, sa líne, go dtí go mbailíonn an múinteoir ranga iad.
- Nuair a bhíonn an aimsir go holc fanfaidh daltaí istigh sa seomra ranga, agus tabharfar gníomhaíochtaí cuí dóibh le déanamh i rith an tsosa. Níor chóir do dhaltaí a bheith ag bogadh timpeall an tseomra ranga le linn na ngníomhaíochtaí sin.

## 4.9 Fóin Phóca (Tagairt: **Polasaí Fón Póca/ Mobile Phone Policy)**

- Ní mholtar fóin phóca a bheith ag páistí bunscoile ach tuigtear go mbíonn siad in úsáid i gcásanna eisceachtúla.
- Sna cásanna eisceachtúla sin caithfear an fón póca a mhúchadh agus a choimeád sa mhála scoile i gcónaí, go dtí go bhfágann an t-úinéir talamh na scoile.

### 4.10 Sláinte agus Sábháilteacht

- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí múinteoirí a chur ar an eolas má bhíonn aon riachtanas speisialta ag a bpáiste i.e. ailléirgí.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí gruaig a bpáistí a sheiceáil go rialta ar eagla briseadh amach míolta gruaige, agus cóir leighis a chur orthu más gá.
- Níor chóir go mbeadh páistí atá breoite ar scoil.
- Caithfear iarratais, ar fhanacht istigh le linn am sosa, a chur is scríbhinn agus a bheith sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ar chuairteoirí dul chuig an oifig ar dtús, agus fanacht sa bhforhalla. Ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta ní cheadaítear do thuismitheoirí/chaomhnóirí ná do chuairteoirí siúl ar fud na scoile gan tionlacan.

## 5. Córais chun Dea-Iompar, Dul Chun Cinn agus Iarracht a Aithint

### 5.1 Samplaí de Dhea-iompar

Tá go leor samplaí ann de **dhea-iompar** ó dhaltaí i rith an lá scoile gur fiú a mholadh m.sh.:

- Ag roinnt le chéile,
- Ag labhairt go múinte le daoine eile,
- Ag comhlíonadh iarratas ón múinteoir,
- Ag leanúint treoracha,
- Ag tabhairt aird iomlán sa rang,
- Ag baint triail as gach tasc,
- Ag éisteacht le daltaí eile agus leis an múinteoir,
- Ag críochnú tascanna,
- A bheith smaointeach,
- A bheith foighneach,
- Ag cabhrú le daoine eile,
- Ag fanacht suaimhneach, socair agus faoi smacht nuair a bhíonn deacrachtaí ann,
- Ag comhoibriú agus cairdiúil sa chlós le comhpháirtíthe.

### 5.2 Maidir le daoine indibhidiúla is féidir aitheantas a thabhairt do dhea-iompar mar seo a leanas:

Laistigh den scoil moltar dea-iompar ar bhealaí éagsúla.

- Focal ciúin nó comhartha a léiríonn dearbhú,
- Focal molta os comhair an ghrúpa/an rang/an tionól,
- Teastas gaisce,
- An iompar a lua leis an bpríomhoide,
- Tagairt/straiseog/greamán sa chóipleabhar,
- An iompar a lua le tuismitheoirí/caomhnóirí (i bhfocal nó i scríbhinn),
- Rud éigin speisialta e.g. má chomhlíontar na téarmaí i gconradh iompair.

### 5.3 Grúpa/Rang

Is féidir rud éigin speisialta a thabhairt do Ghrúpa/Rang uaireanta ar nós:

- Níos lú obair bhaile,
- Rud éigin speisialta le n-ithe,
- DVD,
- Am chun gníomhaíocht a roghníonn siad a dhéanamh,
- Am breise imeartha,
- Do ghrúpaí laistigh don rang, córas marcanna tuillte,
- An iompar a lua leis an bpríomhoide,
- An iompar a lua leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.

## 6.Iompar nach bhfuil inghlactha agus an toradh a bhíonn air

### 6.1Iompar nach bhfuil inghlactha

Sna liostaí seo a leanas tá iompar a cheaptar a bheith míchuí, ó eachtraí beaga go hiompar tromchúiseach nach bhfuil inghlactha:

#### 1. Mioneachtraí Iompair nach bhfuil Inghlactha

**(a) Sa rang**

- Gan aird a thabhairt/ag brionglóidí sa rang,
- Rannpháirtíocht neamh-ghníomhach sa rang,
- Cumarsáid neamh-bhriathartha – gothaí gnúise/ comharthaí,
- Ag útamáil,
- Ag cur isteach ar dhaoine eile,
- Ag glaoch ainmneacha ar dhaoine eile
- Giodam,
- Ag labhairt ag an am mícheart,
- Easpa foighne le daoine eile sa rang,
- Ag athrú suíochán,
- Ag siúl ar fud an tseomra ranga,
- Ag rith sa seomra ranga/sa dorchla,
- Gan tascanna a chríochnú,
- Gan treoracha a leanúint (easumhlaíocht),
- Ag insint bréag,
- Dímhúineadh/ ag aisfhreagairt,
- Ag labhairt i mBéarla (Tagairt: **Polasaí Gaeilge Labhartha/Policy on Oral Irish**).

**(b) Sa chlós/Ag imirt**

- Ag baint as daoine eile,
- Ag glaoch ainmneacha ar dhaoine eile,
- Ag baint úsáide as teanga mhíchuí,
- Ag achrann le comhpháirtithe,
- Ag cur isteach, d'aon ghnó, ar chluichí daoine eile,

- Ag brú sa líne,
- Ag caitheamh seile,
- Mioneachtraí ionsaitheacha fisiciúla – ag brú/ag bualadh,
- Ag rith sa chlós ar bhealach neamhaireach.

Glactar leis an liosta thuas mar mhioneachtraí iompair nuair nach dtarlaíonn siad ach anois is arís. Ach glacfar go dáiríre leo má tharlaíonn siad go minic agus go leanúnach.

## 2. Iompar Tromchúiseach nach bhfuil Inghlactha

**(a) Sa rang**

- Ag troid,
- Ag bualadh buillí,
- Ag ciceáil,
- Iompar fisiciúil míchuí,
- Insint bréag leanúnach,
- Cur isteach leanúnach ar obair an ranga,
- Cur isteach ar shealúchás daoine eile sa rang,
- Diúltú dúshlánach iarratas nó treoir an mhúinteora a leanúint,
- Ag caitheamh rudaí,
- Ag cur nótaí maslacha timpeall,
- Ag déanamh comharthaí nó tagairtí dímheasúla agus míchuí faoi dhaoine eile sa rang,
- Ag glaoch ainmneacha/ ag déanamh tagairtí ciníocha,
- Aon iompar bulaíochta (Féach: **Polasaí Frith-bhulaíochta/ Policy on Bullying**)
- Aon iompar a chuireann isteach ar shábháilteacht dhaoine eile,
- Damáiste do shealúchas,
- Goid,
- Toitíní sa scoil,
- Ag diúltú go leanúnach Gaeilge a labhairt (Tagairt: **Polasaí Gaeilge Labhartha/ Policy on Oral Irish**).

**(b) Sa chlós/ Ag imirt**

- Ag troid/ ag bualadh/ ag ciceáil,
- Pleidhcíocht dháinséireach,
- Iompar fisiciúil míchuí,
- Ag caitheamh seile le duine eile,
- Imeaglú,
- Páistí a fhágáil amach as cluichí,
- Bulaíocht (Tagairt: **Polasaí Frith-Bhulaíochta/ Anti-Bullying Policy**).

## 3. Iompar an-tromchúiseach nach bhfuil Inghlactha

- Bulaíocht (Tagairt: **Polasaí Frith-Bhulaíochta/ Anti-bullying Policy**),

- Íde béil do pháistí nó do bhaill foirne,
- Tagairtí ciníocha,
- Ionsaí fisiciúil ar pháistí nó ar bhaill foirne,
- Sábháilteacht dhaoine eile a chur i mbaol,
- Toitíní a bheith ina seilbh,
- Ag caitheamh toitíní ar thalamh na scoile,
- Alcól nó drugaí a bheith ina seilbh,
- Alcól nó drugaí a úsáid ar thalamh na scoile,
- Nithe dáinséireacha a thabhairt ar scoil,
- Ábhar léitheoireachta, irisí, nó pictiúir míchuí a bheith ina seilbh,
- Damáiste a dhéanamh do shealúchas na scoile,
- Talamh na scoile a fhágáil gan cead,
- Múitseáil,
- Briseadh isteach sa scoil,
- Goid,
- Loitiméireacht.

## 6.2 An Toradh a bhíonn le hIompar Do-ghlactha

**Go ginearálta**

Léireoidh ceartú ar iompar do-ghlactha/míchuí tromchúis agus minicíocht an iompair, agus bunófar an cur chuige ar chéimiúlacht sna gníomhartha smachta.

Is é seo a leanas liosta den saghas ceartú ar féidir a úsáid sa scoil:

- Ceartú ó bhéal agus réasúnaíocht (ag léiriú go soiléir cén iompar a bhí do-ghlactha),
- Seal i leataobh,
- Cailliúint rud éigin speisialta/ cuid de ghníomhaíochta spraoi a chailleadh,
- Pribhléid a chailleadh,
- Seasamh i leataobh le linn am sosa ar feadh tréimhse ama,
- Ainm a chur sa Leabhar Dubh – Leabhar Eachtra na Scoile,
- Bogadh go rang eile ar feadh tréimhse ama,
- Obair bhaile breise,
- Ceachtanna píonóis,
- Cur ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-phríomhoide,
- Teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir,
- Coinneáil istigh ag am sosa,
- Cúiteamh le déanamh i ngach cás ina bhfuil cailliúint nó damáiste,
- Fionraí/ Díbirt mar atá leagtha síos i Roinn 7 agus 8.

## 1. Mioneachtraí Iompair nach bhfuil Inghlactha: Torthaí

- Bainfidh an múinteoir úsáid as a d(h)iscréid féin chun a chinntiú cé acu is oiriúnaí -ceartú ó bhéal nó ainm an pháiste a chur sa leabhar eachtraí. Nuair a tharlaíonn an eachtra sa seomra ranga, déanfaidh an múinteoir an ceartú cuí. Coimeádfaidh gach múinteoir taifead den iompar míchuí a tharlaíonn ina rang féin, ag brath ar mhinicíocht an iompair m.sh., Dialann an Mhúinteora (Folens) – lch 76 - Rianaire Iompair.

- Má leanann an iompar do-ghlactha leanfaidh ceartú de shaghasanna éagsúla:

i)Seal i leataobh
ii)Cailliúint rudaí speisialta nó pribhléid
iii)Obair bhaile breise nó ceacht phíonóis
iv)Ainm sa Leabhar Eachtra

- Tar éis eachtraí leanúnacha de **Mhioneachtraí Iompair nach bhfuil Inghlactha,** agus gan aon fhianaise go bhfuil feabhas ag teacht, cuirfear fios ar thuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste chun an iompar agus na torthaí a bheidh leis a phlé.

### 2. Iompar Tromchúiseach nach bhfuil inghlactha: Torthaí

- Déanfar taifead ar an eachtra sa leabhar eachtra, agus cuirfear litir abhaile chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí, á gcur ar an eolas faoi seo. Caithfear an litir a shíniú agus a thabhairt ar ais chuig an múinteoir ranga.
- Tabharfar ceacht scríofa, oiriúnach don iompar. Caithfidh an páiste an ceacht seo a dhéanamh agus síniú a fháil ón tuismitheoir/caomhnóir.
- Ag brath ar nádúr agus ar mhinicíocht an **Iompar Tromchúiseach Do-ghlactha**, iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach chun na scoile. Ní thabharfar cead don pháiste filleadh ar an rang go dtí go ndéanann siad é seo.

### 3. Iompar An-tromchúiseach nach bhfuil Inghlactha: Torthaí

- Déanfar taifead ar an eachtra agus iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach chun na scoile láithreach chun an cás a phlé leis an múinteoir ranga agus an príomhoide. Is é an aidhm leis an gcuairt ná réiteach cuí ar an fhadhb a fháil.
- Ní thabharfar cead don pháiste filleadh ar an rang go dtí go dtagann na tuismitheoirí/caomhnóirí isteach chuig an scoil, ach déanfaidh sé/sí obair an ranga faoi fheitheoireacht mhúinteoir ranga eile.
- Is féidir le fionraí a bheith mar thoradh ar Iompar An-tromchúiseach Do-ghlactha. Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta fionraí a mholadh faoi réir ag an Acht Oideachais agus Treoirlínte TUSLA – An ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Is féidir cruinnithe speisialta den Bhord Bainistíochta a ghairm chun daltaí a chur ar fionraí.

## 7. Polasaithe agus Nósanna Imeachta i leith Fionraíochta

### 7.1Cinntí i leith Fionraíochta

Ní chuirfear dalta ar fionraí go dtí go mbaintear triail as idirghabháil eile, agus go bhfuil athbhreithniú déanta ag foireann na scoile ar na cúiseanna nár oibrigh an idirghabháil seo.

Is gá cúiseanna tromchúiseacha a bheith ann sula gcuirtear dalta ar fionraí, ar nós:
i)Tá drochthionchar tromchúiseach ag iompar an dalta ar oideachas daltaí eile,
ii)Is baol sábháilteachta é an dalta a bheith fós sa scoil, ag an am seo,
iii)Tá an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do shealúchas.
D’fhéadfaí dalta a chur ar fionraí tar éis eachtra amháin mí-iompair tromchúiseach.

## 7.2 Nósanna Imeachta Fiontraíochta

Nuair a dhearbhaíonn measúnú ar na fíricí go bhfuil mí-iompar tromchúiseach ann (féach liosta), agus go mb'fhéidir gur gá an dalta a chur ar fionraí, leanfaidh an scoil na nósanna imeachta seo a leanas:

***Cuir an dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas***

Inis don dalta agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí faoin ngearán, faoin gcaoi a ndéanfar fiosrú air, agus go mb'fhéidir go mbeidh fionraí mar thoradh air.
Is féidir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas ar an nguthán agus i scríbhinn. Is buntáiste é litir a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí mar go gcinntíonn sé go bhfuil taifead foirmeálta agus buan ann. Cinntíonn sé chomh maith go dtuigeann tuismitheoirí/caomhnóirí go soiléir cad tá curtha i leith a mac/iníon.  Tá d'fheidhm aige go léiríonn sé do thuismsitheoirí/caomhnóirí a thabhachtaí is a ghlacann an scoil leis an mí-iompar atá curtha i leith an pháiste.

***Tabhair seans freagartha***

Tabharfar seans freagartha don dalta agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí sula ndéanfar aon chinneadh, agus sula gcuirfear aon phíonós i bhfeidhm.

De ghnáth, tugann cruinniú leis an dalta agus a t(h)uismitheoirí/ c(h)aomhnóirí seans dóibh a dtaobh féin den scéal a thabhairt, agus ceisteanna a chur faoin bhfianaise atá ann gur mí-iompar tromchúiseach atá i gceist, go háirithe nuair atá aighneas ann faoi na fíricí. Seans a bheidh ann, freisin, do thuismitheoirí/caomhnóírí, cás a dhéanamh ar son píonós níos lú a fháil, agus don scoil fadhb an mhí-iompair a phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an tslí is fearr chun déileáil leis. Má theipeann ar dhalta nó a t(h)uismitheoirí/ c(h)aomhnóirí freastal ar an gcruinniú, scríobhfaidh an Príomhoide chucu, ag díriú ar a thábhachtaí is atá sé freastal ar chruinniú athsceideálaithe eile, agus má theipeann air sin, go bhfuil sé de dhualgas ar údarás na scoile cinneadh a dhéanamh freagairt don iompar diúltach. Coimeádfaidh an scoil taifead de na cuirí a cuireadh chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí, agus an fhreagairt a tugadh orthu.

I gcás fionraí láithreach, caithfear tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas, agus socruithe a dhéanamh leo an dalta a bhailiú. Féachfaidh an scoil i ndiaidh a dualgas cúraim i leith an dalta. Ní chuirfear dalta abhaile, i gcás ar bith, gan na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas ar dtús.

## 7.3 An nós imeachta i leith fionraí láithreach

Nuair a cheapann an Príomhoide gur gá dalta a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an dalta féin, sábháilteacht daltaí eile, foireann na scoile nó daoine eile, déanfar réamh-fhiosrú chun an cás a chur le chéile le fionraí a chur i bhfeidhm. Déanfar an fiosrú foirmeálta díreach tar éis an fionraí a chur i bhfeidhm. Tagann na coinníolacha go léir a bhaineann le fionraí i gceist le fionraí láithreach freisin. Ba cheart go mbeadh teorainn cinnte le gach fionraí.

I gcás fionraí láithreach, caithfear tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas, agus caithfear socruithu a dhéanamh leo an dalta a bhailiú. Féachfaidh an scoil i ndiaidh a dualgas cúraim i leith an dalta.   Ní chuirfear dalta abhaile, i gcás ar bith, gan na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas ar dtús.

## 7.4 An Tréimhse Fionraíochta

Is é an gnáth-thréimhse fionraíochta ná lá amháin as a chéile. Níor chóir dalta a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos mó ná lá amháin, ach i gcásanna eisceachtúla, nuair a cheapann an Príomhoide gur gá tréimhse níos faide ná seo chun cuspóir faoi leith a bhaint amach. (Ba chóir don Bhord Bainistíochta comhairle a chur ar an bPríomhoide maidir leis na cásanna inar féidir fionraí níos mó ná lá amháin a cheadú).

Tugtar cur chuige céimnithe m.sh.:
i)Rabhadh ó bhéal
ii)Glaoch/litir chuig thuismitheoirí/caomhnóírí
iii)Fionraí lá amháin/dhá lá/trí lá 7rl
iv)Díbirt

## 7.5 Athchomhairc

Caithfidh an Príomhoide seans a thabhairt athchomharc a dhéanamh ar chinneadh an Phríomhoide maidir leis an dalta a chur ar fionraí.

## 7.6 Ag cur Fionraí i bhfeidhm

***(a) Fógra scríofa***

Cuiridh an Príomhoide in iúl, i scríbhinn, don dalta agus do na tuismitheoirí /caomhnóírí faoin gcinneadh an dalta a chur ar fionraí. Dearbhóídh an litir:
i)An tréimhse fionraíochta agus an dáta a thosóidh agus a chríochnóidh an fionraí,
ii)Cúiseanna na fionraíochta,
iii)Aon chlár staidéir atá le déanamh,
iv)Na socruithe chun filleadh ar scoil, maraon lena dtiomantas i leith an Chóid Iompair,
v)Dearbhú na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí (m.sh. Tá seans go n-iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóírí athdhearbhú a dhéanamh ar a dtiomantas i leith an Chóid Iompair),
vi)Soláthar maidir le hathchomharc chuig an mBord Bainistíochta,
vii)An ceart atá acu athchomharc a dhéanamh chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (*An tAcht Oideachais 1998,* Roinn 29).
Ba chóir go mbeadh an litir soiléir agus éasca a thuiscint.

***(b) Taifid agus Tuairiscí***

Ba chóir taifid fhoirmeálta a choimeád de na nithe seo a leanas:
i)An fiosrú a rinneadh ar an míghníomh (más gá),
ii)An próiseas cinnteoireachta,
iii)An cinneadh agus an bunús a bhí leis,
iv)An tréimhse fionraíochta agus aon choinníollacha atá ag dul leis.

***(c) Tuairisc chuig an mBord Bainistíochta***

Tá sé de dhualgas ar an bPríomhoide tuairisc a thabhairt ar aon fhionraí, faoi réir ag treoirlínte tuairisciú TUSLA – An ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, (An tAcht (Leasa) Oideachais, 2000, Roinn 21 (4) (a)).

***(d) Athbhreithniú ar úsáid na fionraíochta***

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar úsáid na fionraíochta sa scoil a dhéanamh, le cinntiú go bhfuil sé á úsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile; go ndéantar iniúchadh ar an bpatrún a bhaineann lena úsáid chun tosca atá ag dul i bhfeidhm, b'fhéidir, ar iompar sa scoil a aithint; agus le cinntiú go bhfuil úsáid na fionraíochta cuí agus éifeachtach.

# 8 Polasaithe agus Nósanna Imeachta maidir le Díbirt

Rinneadh dréachtú ar an doiciméad seo i gcomhréir le treoirlínte TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach maidir le Cód Iompair a chur le chéile .
Tá údarás ag an mBord Bainistíochta dalta a chur ar fionraí. Ó thaobh dea-chleachtais de ba chóir go bhfanfadh an t-údarás sin leis an mBord Bainistíochta, agus níor chóir an tasc a dháileadh ar éinne eile
.

## 8.1 An Bunús leis an nDíbirt

Ba chóir go mbeadh an díbirt ag brath ar iompar an dalta. Is céim an-tromchúiseach é dalta a dhíbirt ón scoil, agus níor chóir don Bhord Bainistíochta é a chur i bhfeidhm ach i gcásanna as cuimse d'iompar do-ghlactha. Beidh céimeanna suntasacha tógtha ag an scoil chun dul i ngleis leis an mí-iompar, agus chun díbirt an dalta a sheachaint.

i)Tá bunús tromchúiseach ag teastáil nuair a dhéantar moladh dalta a dhíbirt ar nós:
ii)Tá iompar an dalta ag cur isteach go mór agus go leanúnach ar fhoghlaim daoine eile nó ar an bpróiseas teagaisc,
iii)Is fíor-bhagairt suntasach don tsábháilteacht é an dalta fanacht sa scoil ar bhonn leanúnach,
iv)Tá an dalta freagrach as damáiste suntasach do shealúchas.

## 8.2 Díbirt "uathfheidhmeach"

Is féidir leis an mBord Bainistíochta dalta a dhíbirt go huathfheidhmeach as cionta áirithe. É sin ráite, ní bhaineann an cinneadh seo an dualgas an próis chuí agus nósanna imeachta cothroma a leanúint.
Díbirt ar an gcéad chion:
Sa saghas iompair, as a dtiocfadh moladh, b'fhéidir, dalta a dhíbirt de bharr sárú amháin ar Chód Iompair na Scoile, ba chóir go mbeadh:
i)Bagairt thromchúiseach fhoréigneach in aghaidh dalta eile nó ball foirne,
ii)Foréigean nó ionsaí fisiciúil,
iii)Drugaí mídhleathacha a sholáthar do dhaltaí eile sa scoil,
iv)Ionsaí gnéasach.

## 8.3 Nósanna Imeachta maidir le Díbirt

Leanfar an nós imeachta seo a leanas i gcás díbeartha:

**Céim 1:Déanfar mionfhiosrú faoi threoir an Phríomhoide.**

Agus é/í ag déanamh fiosrú ar liamhain, faoi réir ag nós imeachta cothrom, déanfaidh an Príomhoide na rudaí seo a leanas:

i)Cuirifidh sé/sí an dalta agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí ar an eolas faoi shonraí an mhí-iompair atá curtha ina leith, an chaoi a ndéanfar fiosrú air, agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh leis.

ii)Tabharfaidh sé/sí gach seans don dalta agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí freagairt don ghearán faoi mhí-iompar tromchúiseach, sula ndéantar cinneadh, agus sula gcuirtear píonós i bhfeidhm.
Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas, i scríbhinn, faoin mí-iompar atá curtha i leith an pháiste, agus faoin bhfiosrú ata le déanamh, le go mbeidh taifead buan ann gur cuireadh ar an eolas iad. Caithfear gach seans a thabhairt don dalta agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí freagairt don ngearán faoi mhí-iompar tromchúiseach sula ndéantar cinneadh faoi fhírinne na líomhna, agus sula gcuirtear píonós i bhfeidhm. Sa chás go mb'fhéidir go mbeidh díbirt mar thoradh ar an bhfiosrú, tá sé den riachtanas go mbeidh cruinniú ann leis an dalta agus leis na tuismitheoirí /caomhnóirí.
Má theipeann ar dhalta agus a t(h)uismithoirí/ c(h)aomhnóirí freastal ar chruinniú, scríobhfaidh an Príomhoide chucu ag cur comhairle orthu ar a thábhachtaí is atá sé freastal ar chruinniú athsceidealaithe, agus má theipeann air sin, an dualgas atá ar údaráis na scoile cinneadh a dhéanamh faoin iompar diúltach. Coimeádfaidh an scoil taifead ar na cuirí a cuireadh amach chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí, agus ar a bhfreagairt dóibh.

**Céim 2: Moladh ón bPríomhoide don Bhord Bainistíochta**

Nuair a thagann an Príomhoide ar an dtuiscint, bunaithe ar fhiosrú ar an iompar atá curtha i leith an pháiste, gur gá, b'fhéidir, an páiste a dhíbirt ón scoil, molfaidh sé/sí don Bhord Bainistíochta machnamh a dhéanamh ar an dalta a dhíbirt.
Déanfaidh an Príomhoide na rudaí seo a leanas:
i)Cuirfidh sé/sí in iúl don dalta agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí gur iarradh ar an mBord Bainistíochta machnamh a dhéanamh ar an bpáiste a dhíbirt.
ii)Cinnteoidh sé/sí go bhfuil taifead ar na liamhaintí i gcoinne an dalta ag na tuismitheoirí/caomhnóirí, an fiosrú, agus fógra, i scríbhinn, ar an mbunús gur iarradh ar an mBord Bainistíochta machnamh a dhéanamh ar an dalta a dhíbirt.
iii)Tabharfaidh se/sí na taifid chuimsitheacha chéanna don Bhord Bainistíochta is a thug sé/sí do na tuismitheoirí/caomhnóirí.
iv)Cuirfidh sé/sí dáta éisteachta an Bhoird Bainistíochta in iúl do na tuismitheoirí /caomhnóirí, agus tabharfaidh sé/sí cuireadh dóibh a bheith i láthair ag an éisteacht sin.
v)Cuirfidh sé/sí in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí gur féidir leor aighneacht ó bhéal agus i scríbhinn a dhéanamh don Bhord Bainistíochta.
vi)Cinnteoidh sé/sí go bhfuil dóthain fógra ag na tuismitheoirí/caomhnóirí chun seans a thabhairt dóibh ullmhú don éisteacht.

**Céim 3:Machnamh an Bhord Bainistíochta ar mholadh an Phríomhoide; agus reachtáil na hÉisteachta.**

Tá sé de dhualgas ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an mbunfhiosrú, agus a bheith sásta go ndearnadh an fiosrú i gceart agus faoi réir ag nósanna imeachta cothroma. Ba chóir don Bhord a fhiosrú féin a dhéanamh ar na doiciméid uile agus na tosca a bhain leis an gcás. Ní

mór dó a chinntiú nach bhfuil aon bhaint ag éinne, a bhí bainteach le tosca an cháis, le plé an Bhoird (m.sh. ball den Bhord a rinne liamhain i gcoinne an dalta).

Nuair a shocraíonn an Bord Bainistíochta dalta a dhíbirt, ní mór dó éisteacht a reachtáil. Ba chóir cruinniú an Bhoird, a bhfuil an éisteacht mar chuspóir aige, a reachtáil i gceart faoi réir ag nósanna imeachta na mBord. Ag an éisteacht, déanfaidh an Príomhoide agus na tuismitheoirí/ caomhnóirí a n-argóintí don Bhord, i láthair a chéile. Ba chóir go dtabharfaí cead do gach páirtí fianaise an pháirtí eile a cheistiú go díreach. Seans atá sa chruinniú, chomh maith, do thuismitheoirí/caomhnóirí argóint a dhéanamh chun píonós níos lú a fháil, má theastaíonn uathu. I reachtáil na héisteachta, caithfidh an Bord a bheith cúramach a chinntiú go bhfuil sé, agus go bhfeictear mar sin é, neamhchlaonta idir an Príomhoide agus an dalta. D'fhéadfadh gur mhaith le tuismitheoirí/caomhnóirí duine éigin a thabhairt leo chun na héisteachta, agus ba chóir don Bhord é seo a cheadú, faoi réir ag dea-chleachtas agus nósanna imeachta na mBord.

Nuair a bhíonn deireadh ráite ag an dá thaobh, ba chóir don Bhord a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide agus na tuismitheoirí/caomhnóirí i láthair do phlé an Bhoird.

**Céim 4:Plé an Bhord Bainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta**

Tar éis éisteacht le gach taobh, tá sé de dhualgas ar an mBord cinneadh a dhéanamh an féidir glacadh leis an liamhain agus , más féidir, an píonós cuí é an díbirt.
Nuair a bhíonn an Bord Bainistíochta den tuairim, tar éis sonraí an cháis ar fad a phlé, gur chóir an dalta a dhíbirt ón scoil, caithfidh sé an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas, i scríbhinn, maidir leis an tuairim seo agus an chúis atá leis (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, roinn 24 (i)). Ba chóir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna tuairisciú an Bhoird Leasa Náisiúnta nuair a mholtar díbirt. Ní féidir an dalta a dhíbirt go dtí go bhfuil 20 lá caite ón uair a bhfaigheann an tOifigeach Leasa Oideachais an fógra seo (An tAcht Oideachais (Leas)2000, roinn 24 (i)).

Éireoidh, go huathfheidhmeach, le hathchomharc i gcoinne an díbeartha faoi Roinn 29 den Acht Oideachais 1998 má thaispeántar nár cuireadh an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas i gcomhréir le Roinn 24 (i), nó nach raibh 20 lá imithe ón uair ar cuireadh fógra chuig an Oifigeach Leasa Oideachais go dtí gur cuireadh an díbirt i bhfeidhm (An tAcht (Soláthar Ilchineálach) Oideachais 2007, S4A).

Ba chóir don Bhord na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir lena gconclúidí agus na céimeanna atá le teacht sa phróiseas. Nuair a mholtar díbirt, ba chóir a rá leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go gcuirfidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas anois.

**Céim 5:Seisiúin Chomhairliúcháin a eagróidh an tOifigeach Leasa Oideachais**

Laistigh de 20 lá ón uair go bhfaigheann sé/sí fógra ó Bhord Bainistíochta faoin tuairim atá aige gur chóir dalta a dhíbirt, ní mór don Oifigeach Leasa Oideachais:

i)Gach iarracht réasúnta a dhéanamh seisiúin comhairliúcháin indibhidiúla a bheith aige/aici leis an bPríomhoide, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an dalta agus le héinne eile gur féidir leis cabhrú leis an scéal.
ii)Cruinniú a ghairm de na páirtithe sin atá sásta freastal (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Roinn 24).
Is é cuspóir na gcomhairliúchán agus an chruinnithe a chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm le gur féidir leis an dalta leanúint air/uirthi lena c(h)uid oideachais. D'fhéadfadh aontú, faoi idirghabháil eile a chabhródh le díbirt a sheachaint, a bheith mar thoradh ar na comhairliúcháin seo. É sin ráite, nuair nach bhfuil aon seans gur féidir leis an dalta leanúint air/uirthi sa scoil, sa ghearrthéarma ar a laghad, ba chóir don gcomhairliúchán díriú ar fhéidearthachtaí oideachasúla eile.

Ar mhaithe le leas oideachais an dalta, ba chóir dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an scéal, teacht le chéile leis an Oifigeach Leasa Oideachais, chun plean a dhéanamh d'oideachas an dalta sa todhchaí.

Fhad is atá na comhairliúcháin seo ar siúl faoi oideachas an dalta, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta céimeanna a thógáil chun dea-ord a choimeád, agus chun sábháilteacht na ndaltaí a chinntiú (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Roinn 25 (5)).
D'fhéadfadh an Bord a mheas gurb é an rud ceart é dalta a chur ar fionraí le linn an ama seo. Níor chóir fionraí a thabhairt san áireamh ach sa chás go bhfuil an-seans ann go gcuirfidh láithreacht an dalta le linn an ama seo isteach go mór ar fhoghlaim daoine eile, nó gur bagairt a bheadh ann do shabháilteacht dhaltaí eile nó an fhoireann.

**Céim 6: Dearbhú ar an gcinneadh athchomharc a dhéanamh**

Nuair a bhíonn an 20 lá tar éis fógra a chur chuig an Oifigeach Leasa Oideachais caite, agus nuair a bhíonn an Bord fós den tuairim gur cheart an dalta a dhíbirt, déanfaidh an Bord dearbhú foirmeálta ar an gcinneadh an dalta a dhíbirt ón scoil (is féidir an tasc seo a thabhairt don Chathaoirleach agus don Phríomhoide). Ba chóir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas láithreach agus bogfaidh an díbirt ar aghaidh ansin. Ba chóir an dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir lena gceart athchomharc a dhéanamh, agus ba chóir an gnáthfhoirm, trína ndéantar athchomharc, a chur ar fáil dóibh. Ba chóir taifead foimeálta a dhéanamh ar an gcinneadh an dalta a dhíbirt.

## 8.4 Athchomhairc

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir athchomharc in aghaidh an chinnidh an dalta a dhíbirt, a dhéanamh chuig Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (An tAcht Oideachais 1998, Roinn 29). Is féidir athchomharc a dhéanamh chomh maith, ar shon an dalta, chuig TUSLA- an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

## 8.5 Athbhreithniú ar úsáid an díbeartha

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as díbirt sa scoil, le cinntiú go bhfuil sé á úsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéantar iniúchadh ar an bpatrún a bhaineann lena úsáid chun tosca atá ag dul i bhfeidhm, b'fhéidir, ar iompar sa scoil a aithint, agus le cinntiú go bhfuil díbirt á húsáid i gceart.

## 9 Nósanna Imeachta chun Neamhláithreacht a chur in iúl don Scoil (Tagairt: Polasaí Tinrimh/ Attendance Policy)

Táthar ag súil go gcuirfidh tuismitheoirí/caomhnóirí cúiseanna neamhláithreachta a bpáistí in iúl don scoil trí:

- An scéal a chur in iúl don scoil (m.sh. glaoch ar an Rúnaí/an Príomhoide) maidir le cúis neamhláithreachta faoi dheireadh an tríú lá den neamhláithreacht ar a laghad;
- Nóta a mhíníonn an neamhláithreacht, sínithe agus le dáta air, a chur isteach nuair a fhilleann an dalta ar scoil. Is cuid thábhachtach den taifead é an nóta seo, a chomhlíonann riachtanais thuairisciú TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.



**Caoimhe Ní Chuinn**
**Cathaoirleach:**
**Dáta : 18/09/2024**



**Déaglán Ó Drisceoil**
**Príomhoide :**